

Síntiúis le haghaidh Tionscadail Chaipitil

(Nuashonraíodh an doiciméad faoi dheireadh i mí Mheán Fómhair 2023)

1. Réamhrá

Féadfaidh scoileanna síntiúis a fháil ó dhaoine aonair nó ó eagraíochtaí carthanúla i leith costas tionscadail tógála nó ceannach talún, troscáin, feistis nó trealaimh.

Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D’fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu.”

Tabhair do d’aire: I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d’iontaobhaithe agus ó d’iniúcháir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúcháir(i) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

2. Cóireáil Chuntasaíochta: Síntiús faoi chomhair tionscadal talún/tógála

2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam

Gníomh	DR/ CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Ioncam ó shíntiúis le haghaidh Tionscadail chaipitiúla talún/tógála	DR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
	CR	2172	Ioncam Eile Imfhálaithe gan Chaitheamh Dliteanas Reatha

2.2 Nuair a úsáidtear Síntiús chun Tionscadal Caipitil Talún/Tógála a dhéanamh

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Síntiús a chaitheamh ar thionscadail chaipitil	DR	3992	Síntiús faoi chomhair Costais Chaipitil Talún/Tógála Caipiteal agus Cúlchistí
Síntiús a chaitheamh ar thionscadail chaipitil	CR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Aistriú an t-ioncam ó shíntiúis a caitheadh chuig Cúlchistí Caipitil	DR	2172	Ioncam Eile Imfhálaithe gan Chaitheamh Dliteanas Reatha
	CR	3907	Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla Caipiteal agus Cúlchistí

2.3 Aistriú chuig an gCuntas Ciste Talún/Tógála

An bhliain tar éis don tionscadal talún/tógála caipitil a bheith críochnaithe ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig an gcuntas talún/tógála.

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Na ranniocaíochtaí chuig costas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Tógála	DR	3907	Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	3995	Cuntas an Chiste Talún/Tógála Caipiteal agus Cúlchistí

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Costas an tionscadail talún/tógála caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Tógála	DR	3995	Cuntas an Chiste Talún/Tógála Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	3992	Síntiúis faoi chomhair Costais Chaipitil Talún/Tógála Caipiteal agus Cúlchistí

3. Cóireáil Chuntasáíochta: Síntiúis faoi chomhair troscáin/feisteas/trealaimh

3.1 Cathain a fuarthas an síntiúis trealaimh caipitil

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Airgead Síntiúis a Fuarthas	DR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
	CR	2172	Ioncam Eile Imfhálaithe gan Chaitheamh Dliteanas Reatha

3.2 Cathain a ceannaíodh na míreanna

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Earra Ceannaithe	DR	1421/1461	Caipiteal: Daingneáin, Feistis agus Trealamh Breisithe/Caipiteal: Breiseanna TFC Sócmhainn Sheasta
	CR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Aistriú na síntiúis a caitheadh chuig Cúlchistí Caipitil	DR	2172	Ioncam Eile Imfhálaithe gan Chaitheamh Dliteanas Reatha
	CR	3907	Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla Caipiteal agus Cúlchistí

3.3 Amúchadh ar ioncam ó shíntiúis

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Amúchadh ioncam ó shíntiúis	DR	3925	Ioncam ó Amúchadh Carntha ar Threalamh Caipitil Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	3840	Amúchadh ar Mhaoiniú nach RO é Ioncam

3.4 Dímheas ar dheontais

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Dímheas ar Threalamh	DR	8020/8060	Dímheas Bliantúil: Beartas Dímheasa maidir le Daingneáin, Feistis agus Trealamh: TFC Caiteachas
	CR	1431/1461	Dímheas: Beartas Dímheasa maidir le Daingneáin, Feistis agus Trealamh: TFC Sócmhainn Sheasta

Nóta 1: Ba cheart ioncam ó shíntiúis a amúchadh i gcomhréir leis an dímheas

Nóta 2: Beartas Dímheasa. Déantar míreanna a dhímheas thar 3/5 bliana

4. Cuntas ar shíntiúis faoi chomhair thionscadail chaipitil gan chaitheamh

Is ioncam imfhálaithe iad síntiúis faoi chomhair thionscadail chaipitil agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2172 'Ioncam Imfhálaithe Eile nár Caitheadh'.